Thaistil breis is 120 mac léinn Éireannach chuig Izmir na Tuirce i lár Lúnasa chun a bheith san iomaíocht sna 23ú Cluichí Domhanda Mac Léinn. D'éirigh go rí-mhaith le hiomaitheoirí na hÉireann agus bhuaigh an fhoireann cúig bhonn. Thaistil Brendan Wynne, mac léinn aibí tríú bliana i gCeannaireacht Pobail agus Spóirt, le foireann pheile na mban mar Thraenálaí Cúnta. Meastar gurb iad na Cluichí Oilimpeacha an t-aon ócáid spóirt eile a sháraíonn na cluichí seo ó thaobh líon na dtíortha rannpháirteacha agus líon na ndaoine a fhreastalaíonn orthu.

Rath Uile-Éireann ar Choiste Eagrúcháin Sigerson:

Thioníol Comhairle na Riarthóirí Spóirt Ollscoile in Éirinn Ócáid Idirollscoileanna na hÉireann na bliana Dé hAoine an 18ú Samhain i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Ba é Coiste Eagrúcháin Sigerson ó Chlub Peil Ghaelach na hInstitiúide a fuair mórdhámhachtain na maidine nuair a bhuaigh siad Ócáid Idir-ollscoileanna na Bliana 2005.

Fiontraí na Bliana Ernst and Young: Cás Staidéir

Ócáid bhliantúil is ea Dámhachtain Fiontraí na Bliana Ernst and Young anois ar fhéilire fiontraíochta na hÉireann. Seoladh an comórtas sa bhliain 1998 chun na fiontraithe is mó rath agus is nuálaí a aithint agus a cheiliúradh. Chun tábhacht na hócáide seo a aithint, coimisiúnaíodh an tIonad um Thaighde Fiontraíochta ag an Institiúid chun sraith cás staidéar spreagúla a fhoilsiú bunaithe orthu siúd a bhí páirteach i gcomórtas ceannais Ernst and Young. I measc na scríbhneoirí cáis don tionscadal seo bhí lucht acadaimh agus taighdeoirí fiontraíochta den scoth ó phríomhollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

3.10 Nuacht Scoile

3.10.1 An Scoil Gnó & Daonnachtaí

Bliain acadúil ab ea 2005/2005 inar tharla mórán athruithe agus forbairtí sa scoil. Lean an scoil le roll amach ceithre chlár nua ag leibhéil 6, 7, 8 agus 9.

Bhí líon mór mac léinn cláraithe agus tharla 5% ar líon na mac léinn san iomlán. Bhí torthaí scrúdaithe ag leibhéal dámhachtana níos laige agus bronnadh dámhachtain ar 74% de mhic léinn.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Líon na Mac Léinn	2004/2005	2005/2006
Líon Lánaimseartha	**1597**	**1681**
An Roinn Gnó	552	587
Roinn na nDaonnachtaí	380	474
An Rannóg Fáilteachais	180	183
An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais	485	437
Líon Cláraithe Chéad Bhliana		
Líon Lánaimseartha	**656**	**631**
An Roinn Gnó	266	249
Roinn na nDaonnachtaí	165	175
An Rannóg Fáilteachais	124	112
An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais	101	95
Dámhachtainí Mac Léinn %		
Líon Mac Léinn i mBliain Dámhachtana	**661**	**742**
Onóracha / Gradam den Chéad Scoth	8%	5%
Onóracha den Dara Aicme Grád 1/Tuillteanas	19%	27%
Onóracha den Dara Aicme Grád 2/Tuillteanas	33%	33%
Gradam Pas	25%	9%
Cláir		
Líon na gClár Lánaimseartha	37	40
Líon na gClár Páirtaimseartha	3	3

Clár Chéad Bliana de réir Cláir

Programme	03/04	04/05	05/06
BA(Onór) i gCuntasaíocht agus Airgeadas	77	61	64
BB (Onór) sa Mhargaíocht	58	40	31
Teastas i mBéarla Gnó & WS&C	0	28	23
Teastas Náisiúnta Staidéar Gnó i mBainistíocht & Riarachán	216	189	193
Teastas Náisiúnta Staidéar Gnó in OIS	71	0	0
Ard-teastas Ghnó in OIS	0	77	56
BA i Staidéar Sóisialta Feidhmeach	0	34	31
ND. i Meáin Thráchtála (aistriú go Faisnéisíocht '04) HH	50	0	0
BA i Físteip & Scannán	0	0	33
BA i gCeannaireacht Spóirt Phobail	0	58	48
BA i Staidéar Cultúrtha Feidhmeach	0	45	41
Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Sóisialta Feidhmeach	29	0	0
Dioplóma Náisiúnta i gCeannaireacht Spóirt Phobail	32	0	0
BA i gCeol Feidhmeach (aistriú go Faisnéisíocht '04)	27	0	0
Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Cultúrtha Feidhmeach	47	0	0
BB i mBainistíochta Imeachtaí	0	22	47
BB i mBainistíochta Fáilteachais	0	19	17
Dioplóma Náisiúnta Staidéar Gnó i mBainistíocht Lónadóireachta	5	0	0
Dioplóma Náisiúnta Staidéar Gnó i mBainistíocht Fáilteachais	15	0	0
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil	31	32	28
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais	20	21	20
Teastas Náisiúnta Fáilteachais/Oifig Thosach an Tí	12	17	0
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil	0	13	0
Iomlán	**690**	**656**	**631**

Cláir Bhailíochtaithe

Máistir Ealaíon i Nuáil Chultúrtha ó na hEalaíona
MBA Feidhmiúcháin
BA (Onóracha) i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Gnó i gCórais Eolais Ghnó
Ardteastas Ealaíon

Líon na Mac Léinn



3.10.2 An Scoil Innealtóireachta

Forbairt Clár

Le linn 2005-2006 lean an Scoil Innealtóireachta de bheith ag cur beartas seimeastraithe agus modúlaithe na hInstitiúide i bhfeidhm agus ag cur na gclár a bhí fanta ag leibhéil 6 agus 7 i leagan amach ab initio as a leanfaidh Gnáthchéim ag leibhéal 7 ar Chlároibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. Faoi dheireadh na bliana acadúla bhí gach clár athbhailíochtaithe agus réidh le roll amach i mí Mheán Fómhair 2006.

Máistir Eolaíochta i gCórais Fuinnimh Inathnuaite

hionscnain ionad taighde na Scoile, CREDIT, Máistir Ealaíon den scoth i gCórais Fuinnimh Inathnuaite a thosaigh sa bhliain acadúil dár gcionn, Meán Fómhair 2006. Bunaíodh an clár ar ábhair a fuarthas ar cheadúnas ó Ollscoil Loughborough sa R.A. mar a soláthraíonn an tIonad um Theicneolaíocht Chórais Fuinnimh Inathnuaite (CREST) an céim mháistir is fearr sa réimse seo. Tá an Institiúide tiomanta do fhorbairt leanúnacha a dhéanamh ar ábhar an chláir chun go mbeidh sé oiriúnach do chomhthéacs na hÉireann.

Acadamh Suiteálaí Fuinnimh Inathnuaite

Bunaíodh an tAcadamh Suiteála Fuinnimh Inathnuaite (REIA) le linn 2005-2006 mar chuid den Scoil Innealtóireachta. Treoirscéim arna cistiú faoin gclár INTERREG ab ea REIA mar thionscnamh i bpáirt de chuid Action Renewables i dTuaisceart Éireann agus Fuinneamh Inmharthana Éireann in Éirinn. Forbraíodh é mar fhreagairt ar fhadhb na heaspa suiteálaithe agus sonraitheoirí de theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaithe teaghlaigh a bhí mar cheann de na bacainní criticiúla ar fhorbairt an mhargaidh fuinnimh inmharthana/inathnuaite. Ba é cuspóir na treoirscéime struchtúir a fhorbairt d'fhorbairt, do chlárú agus do rialú cáilíochta suiteálaithe sa réigiún INTERREG. Bunaíodh ceithre cinn d'ionaid oiliúna i réigiún INTERREG chun oiliúint a sholáthar i dTéamh Gréine Uisce, Pumpaí Teasa agus Córais Téimh Bithmhaise. Bhí an Scoil Innealtóireachta ar cheann de na hionaid sin agus an t-aon ionad in Éirinn. Cuireadh na chéad chláir oiliúna píolótacha ar fáil in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i mBealtaine 2006.

Líon na Mac Léinn 2005/2006 (An Scoil Innealtóireachta)



3.10.3 An Scoil Altranais, Cnáimhseachta, Sláinte agus Eolaíochta Feidhmí

Bhain an chéad ghrúpa an Baitsiléir Staidéar Gnó i mBainistiú Cúram Sláinte (2003-05) amach sa bhliain 2005/2006 agus chuir ochtar déag d'fhoireann FSS tús leis an dara babhta den chlár (2005-07). Comhpháirtíocht uathúil is ea í seo idir FSS agus an Institiúid.

Ofráileadh na cláir seo a leanas le linn na bliana acadúla seo:

Baitsiléir Eolaíochta Altranais le haghaidh altraí cláraithe
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Altranais le haghaidh altraí cláraithe
Ard-Dioplóma Eolaíochta in Altranas Ortaipéideach
Ard-Dioplóma Eolaíochta in Altranas Meabharshláinte
Ard-Dioplóma Eolaíochta in Altranas Míchumas Intleachta (Aosach)

Ofráileanna na Roinn Eolaíochtaí Feidhmeacha raon clár éagsúil a fhéachann le freastal do riachtanais na dtionscal áitiúla agus náisiúnta le cláir in eolaíocht an bhia, in eolaíocht chógaisíochta, i mbitheolaíochtaí feidhmeacha, i dtalmhaíocht agus i mbitheolaíocht chomhshaoil. Tugadh isteach clár nua d'altranas tréidliachta sa Roinn i mbliana. Tá an Roinn an-ghníomhach i gcur chun cinn na heolaíochta sa réigiún trí idirghníomhaíochtaí le bunscoileanna agus meánscoileanna. Bí ag faire amach le haghaidh clár Sheachtain na hEolaíochta i mbliana a bheidh ar siúl i mí na Samhna.

3.10.4 An Scoil Faisnéisíochta, Ceoil & Meán Cruthaitheach

Cuireadh tús go luath i mbliana le próiseas iontrála agus cláraithe na hInstitiúide chun réiteach leis an bhféilire seimeastraithe. Fógraíodh cláir nua i mí an Mheithimh agus iarradh iarratais nua ar chláir Eolaíochta agus Ríomhaireachta. Ba dhearfach an freagra a fuarthas ó thaobh líon iarratas agus mheall an Baitsiléir Eolaíochta Ríomhaireachta i bhForbairt Cluichí líon suntasach iarrthóirí. San iomlán bhí líon na mac léinn a chláraigh i Ríomhaireacht cobhsaí murab ionann agus an treocht náisiúnta agus tharla méadú san Eolaíocht, a raibh an-fháilte roimhe.

Comhghairdeas leis an Dr. Eibhlis Farrell agus an Dr. Kevin McDaid, ar as an Scoil seo dóibh beirt as an mbua a bhí acu le deireanas i gcomórtas taighde Shnáithe 1. Faomhadh níos lú ná aon iarratas as gach trí cinn faoin Scéim Náisiúnta seo agus cisteoidh an dá tionscadal mac léinn Máistir chun tabhairt faoi na cláir taighde faofa. Is iad na topaicí:

An Dr Eibhlis Farrell - 'A.J. Potter : A Critical Performing Edition of Selected Works'.
An Dr Kevin McDaid - 'The use of Bayesian Software Failure Models to improve the Prediction of Reliability during testing'.

Ba í an Dr. Eibhlin Farrell, Ceannasaí na Roinne ceoil, an cumadóir faoi thrácht sa tsraith Rogha an Chumadóra sa Cheoláras Náisiúnta Dé Domhnaigh an 18ú Meán Fómhair 2005. Bhí an Léachtóir sa Roinn Ceoil Paul Roe (clairinéad) a bhí san Cheolfhoireann Náisiúnta roimhe seo, páirteach sa cheadal seo chomh maith.

Ghlac mic léinn na hInstitiúide páirt i dtaibhiú trasteorann de 'The Rose', ceoldráma breithe arna choimisiúnú chun an Mhílaois a cheiliúradh i mí na Nollag. Seinneadh an saothar seo le Siobhán Ó Dubháin, Léachtóir i Roinn an Cheoil, atá tar éis ardmholadh a fháil, ar fud na tíre agus i mBaile Átha Cliath den chéad uair i mbliana chomh maith.

Líon an Mac Léinn 2005/2006 An Scoil Eolaíochta (i mbun aistrithe go dtí an An Scoil Altranais, Cnáimhseachta & Eolaíochta Feidhmí agus an Scoil Faisnéisíochta, Ceoil & Meán Cruthaitheach)



Bronnadh Céimeanna 2005/2006



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN

Tuarascáil Bhliantúil

2005 - 2006

CUID 4

Gníomhaíochtaí Forbartha

DUNDALK INSTITUTE of TECHNOLOGY
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

4.1 Forbairt an Champais

Ba iad na príomhthionscadail caipitil i dtréimhse thuarascáil bliantúil 2005/2006:

Tionscadal Athfhorbartha Carroll's (Céim 1)

Is fiú €20m an tionscadal seo agus moladh é trí phróiseas athbhreithnithe an Údaráis um Ardoideachas Kelly. Faomhadh é in Aibreán 2006. Ceapadh Foireann Dearaidh, faoi stiúir Scott Tallon Walker, Ailtirí, agus tá tús curtha leis an obair dhearaidh. Tá an tionscadal forbartha de 11,000m² sceidealta le bheith críochnaithe ag deireadh 2008 agus beidh slí ann don Scoil Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach. Ciallóidh sé chomh maith nach mbeidh gá le cóiríocht ar cíos lasmuigh den champas i ndiaidh 2009.

Cur i bhfeidhm na Straitéise Bainistíochta Tráchta

Meastar luach na forbartha seo ag €1.5 milliún. Chun déileáil le méaduithe sa trácht ar an gcampas, agus le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus bearta inbhuanaitheachta a chomhlíonadh mar chuid de Chairt Dhún Dealgan 2020, cheap an Institiúid Innealtóirí Comhairleach ARUP mí Eanáir 2005 chun Plean Bainistíochta Tráchta Inmharthana a réiteach.

Clár Deontas Cineachta agus Oibreacha Sláinte & Sábháilteachta

Is fiú €2 mhilliún an deontas seo. Tugadh isteach athuair an Deontas Cineachta le haghaidh Mionoibreacha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mí na Nollag 2004. Cuireadh clár oibreacha i gcrích i samhradh 2005 agus 2006 chun limistéir saotharlainne agus teagaisc a athchóiriú sna Bloic Thuaidh agus Theas. Tugadh faoi chlár oibreacha Sláinte & Sábháilteachta chomh maith, le formheas Choiste Monatóireachta Sláinte agus Sábháilteachta na hInstitiúide, chun díriú ar réimsí tosaíochta a d'éirigh as an gcleachtadh Measúnaithe Riosca Sláinte agus Sábháilteachta a rinneadh ar fud na hInstitiúide.

4.2 Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Le linn 2005/05, bhí raon bearta tacaíochta inmheánacha taighde á gcur i bhfeidhm ag an Institiúid, trí Fhochoiste Taighde na Comhairle Acadúla. Bearta ab ea iad sin a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2001/02 chun acmhainn agus cumas taighde a fhorbairt i raon réimsí straitéiseacha. D'fhostaigh an Fochoiste Taighde Comhaireoirí INDECON mar chuid d'athbhreithniú ar Straitéis Taighde na hInstitiúide agus bearta tacaíochta, chun scrúdú iomlán a dhéanamh ar an Straitéis agus ar raon gníomhaíochtaí agus bearta tacaíochta taighde. Cuireadh tús leis an athbhreithniú i mí Eanáir 2006 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí deireadh 2006 agus beidh mar bhonn eolais le gníomhaíocht Taighde agus Dearaidh amach anseo a bheidh an-tábhachtach i dtréimhse nua pleanála straitéisí na hInstitiúide a thosóidh sa bhliain 2006. Beidh an t-athbhreithniú mar bhonn eolais chomh maith le cinntí na hInstitiúide i dtaca le roghnú tairiscintí do Bhabhta IV den Chlár um Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) atá le fógairt roimh dheireadh 2006. Sa tréimhse 2004/05 agus 2005/06 sholáthair Taighdeoirí agus Ionaid méadú in ioncam taighde agus forbartha ó c.€3.5 milliún sa bhliain 2004 go €4.9 milliún sa bhliain 2005.

Lá Fiontraíochta 2006.
Ó Chlé: Mr. Denis Cummins, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Mr. Brendan Murtagh, Stiúrthóir Kingspan plc agus Príomh-aoichainteoir, Mr. Sean MacEntee, Bainisteoir Novation.

Cláir Tacaíochta um Fhorbairt Fiontraíochta

Bhí na Cláir Tacaíochta Fiontraíochta seo a leanas i bhfeidhm le linn thréimhs na tuarascála bliantúla seo:

1. Clár Oibre Fiontraíochta an Oirthuaiscirt

Clár tacaíochta bliana is ea Clár Oibre Fiontraíocht an Oirthuaiscirt d'fhiontraithe céimí a bhfuil smaoineamh nuálach gnó acu i gceann de na hearnálacha Eolasbhunaithe, Ardteicneolaíocht nó Theicneolaíocht na Faisnéise. Is é príomhchuspóir an chlair cumas tráchtála agus cruthaithe post na ngnó rannpháirteacha a fhorbairt. Soláthraíonn na clár oiliúint chuimsitheach i ngnó agus i mbainistíocht chun rannpháirtithe a threalmhú chun gnó nua a thosú agus a bhainistiú go rathúil. Cabhraíonn an clár le rannpháirtithe spriocanna pearsanta agus forbartha gnó a chomhlíonadh i dtaca leis an tionscadal. Cabhraíonn sé le rannpháirtithe staidéar indéantacha margaidh nó teicniúil a thabhairt chun críche agus/nó plean gnó a réiteach.

2. An Clár Tacaíochta d'Fhiontair Meán Cruthaitheach

Comhthionscnamh de chuid Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Ollscoile na Banríona Béal Feirste is ea an Clár Tacaíocht d'Fhiontair Meán Cruthaitheach. Dearadh é mar threoirscéim dhá mhí dhéag chun tacú le fiontraithe céimí a bhfuil smaoineamh nuálach gnó acu in earnáil na meán cruthaitheach / digiteach auc agus cistítear é trí Chlár AE um Shíocháin agus Athmhuintearas arna riar ag Comhar Éireann.

Is é príomhchuspóir an chlair cumas tráchtála agus cruthaithe post na ngnó rannpháirteacha a fhorbairt. Soláthraíonn na clár oiliúint chuimsitheach i ngnó agus i mbainistíocht chun rannpháirtithe a threalmhú chun gnó nua a thosú agus a bhainistiú go rathúil. Cabhraíonn an clár le rannpháirtithe spriocanna pearsanta agus forbartha gnó a chomhlíonadh i dtaca leis an tionscadal. Cabhraíonn sé le rannpháirtithe staidéar indéantacha margaidh nó teicniúil a thabhairt chun críche agus/nó plean gnó a réiteach. Soláthrófar deiseanna forleathana líonraíochta do rannpháirtithe i bhfoirm déchóras meantóireachta.

Clúdaíonn an téarma Meáin Dhigiteacha raon leathan tionscal lena n-áirítear teileachumarsáid, teicneolaíocht agus meáin thraidisiúnta. Cuideachtaí is ea fiontraithe meán digiteach arb iad a bpríomhinniúlachtaí úsáid meán digiteach nó forbairt teicneolaíochtaí digiteacha. Tá beartaithe díriú ar na tionscail sin a thagann chun cinn as idirghníomhaíocht idir an teicneolaíocht agus na healaíona, agus a sholáthraíonn gnóthais agus fostaíocht i réimsí ar nós déanamh scannán, léiriú teilifíse, físteipeanna, fógraíocht, ilmheáin, cluichí ríomhaire, teicneolaíocht an cheoil, amharclannaíocht, beochan agus tuilleadh nach iad.

Cistíodh na clair seo as cumasc seirbhísí lena n-áirítear Snáithe II de Chlár na hEarnála Teicneolaíochta, SÍOCHÁIN II, INTERREG agus Leader Lú. Tá tacaíocht á soláthar do 55 fiontraí tríd na cláir seo agus tá beartaithe roinnt díobh a aistriú go clár chéim na gorlainne nuair a bheidh an chéad chlár críochnaithe acu.

3. Taighde Feidhmeach don Tionsclaíocht - Comhpháirtíochtaí Nuálacha agus FUSION

Tríd an Ionad Forbartha Réigiúnach, cuireann an Institiúid chun cinn agus bainistíonn raon tionscnamh a dhíríonbn ar nuáil agus forbairt táirgí agus próiseas nua le fiontair bheaga agus mheánacha réigiúnacha. Tá an Institiúid bainteach chomh maith le tacaíocht do fhiontair bheaga agus mheánacha i dTuaisceart Éireann trí chlár FUSION de chuid InterTradeIreland. Tugadh faoi na tionscadail taighde feidhmigh seo a leanas sa tréimhse 2005/2006:

Teideal an Tionscadail	IP/FUSION	Taighdeoir	Comhpháirtí Tionsclaíoch
Feidhm nua dearaidh a bhunú ionas go bhféadfaí pleananna tí a chríochnú intí	FUSION	Annemarie McHugh	Dearbhú Timber Frame Ltd
Aistriú go KMC a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú i gcás gach gné den déantúsaíocht bharainneach	FUSION	Oliver McDonald	KMC Innealtóireacht NI Ltd
Creat de theimpléid cineálacha a fhorbairt le husáid agus cláir oiliúna bunaithe ar an nGréasán á gceapadh	FUSION	Damien Loughran	Abbey Training Services
Fadhb na n-oibiacht neamhinsheolta laistigh de shonraí seolta corparáideach a imscrúdú agus a shonrú, roinnt straitéisí réitigh a aithint agus ceann amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú mar fhréamhshamhail.	FUSION	Dermot Logue	Foyle Technologies Ltd
Córas Bainistíochta do Fhiontair Bheaga agus Mheánacha a bheidh comhdhéanta de roinnt míreanna éigeantacha	FUSION	Tony McCarron	Stiona Software
Córas Bainistíochta Cáilíochta foirmeálta a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	FUSION	Richard Crowley	CNC Components Ltd
Nósanna imeachta táirgiúlachta a fheabhsú trí Gnéithe Déantúsaíochta Barainneacha a thabhairt isteach	FUSION	Oliver McDonald	CK International
Bainistiú Uathrialach a dhéanamh ar Lógónna Earráide Idirspleácha	Innovation Comhpháirtíocht	Ronan MacRuairi	ABB Dundalk
Próiseas Déantúsaíochta nua a cheapadh le haghaidh Táirgeadh Táirgí Ortótacha Dromlaigh	Innovation Comhpháirtíocht	Michael Wright	BBE Healthcare
Cumadóir Físéip-thiomáinte Rianaitheora Fuaime	Comhpháirtíocht Nuálaíochta	Eibhlis Farrell Partnership	Metamusic

4. Cláir Taighde ar Éirigh Leo

D'éirigh leis an Dr. Eibhlis Farrell agus an Dr. Kevin McDaid ón Scoil Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach sa chomórtas taighe Snáithe 1. Faomhadh níos lú ná aon iarratas as gach trí cinn faoin Scéim Náisiúnta seo agus cisteoidh an dá tionscadal mac léinn Máistir chun tabhairt faoi na cláir taighde faofa. Is iad na topaicí:

An Dr Eibhlis Farrell: "A.J. Potter : A Critical Performing Edition of Selected Works".

An Dr. Kevin McDaid: "The use of Bayesian Software Failure Models to improve the Prediction of Reliability during testing".

D'éirigh leis an Ionad Taighde Matán Mín cistiú a fháil dá dtaighde, leis. Fuarthas an cistiú ó:

- The National Institutes of health (USA) "Cellular mechanisms underlying myogenic tone in the urethra and its modulation by neurotransmitters" $1.1M
- An Bord Taighde Sláinte (Éire) "Pacemaker Activity in Urethral Interstitial Cells". €260K
- The Wellcome Trust (UK) "Synovial hyaluronan secretory regulation, synoviocyte signalling pathways and synovial permeability studied by whole organ and single cell methods in vitro and in vivo in joints". €533K

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN

Tuarascáil Bhliantúil

2005 - 2006

CUID 5

Cuntais Iniúchta 2006

DUNDALK INSTITUTE of TECHNOLOGY
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachais.

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 iniúchta agam faoi Acht na gColáiste Teicniúla Réigiúnacha 2006.

Tá na ráitis airgeadais a réitíodh faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach iontu, comhdhéanta de Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas an Sreafa Airgidh agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Faoi Seach na hInstitiúide agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Institiúid freagrach as ráitis airgeadais a réiteach de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus chun rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid bhaill an Bhoird Stiúrtha leagtha amach i Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide.

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlí agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais amharc fírinneach agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta aige in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé ar coimeádadh leabhair chearta cuntais, i mo thuairim. Lena chois sin, dearbhaím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le leabhair na gcuntas.

Tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nár caitheadh airgead chun na críocha a ceapadh dó nó i gcás nach ngéilleann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím chomh maith cibé an bhfuair mé gach eolas agus míniú riachtanach chun críche m'iniúchta.

Athbhreithním cibé an léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht na hInstitiúide do dhréacht-threoir maidir le rialachas corparáideach eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nach amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhleanúnach le heolas eile a bhfuil teacht agam air ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Níl aon cheangal orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach gach riosca agus rialú airgeadais, nó teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

An Bunús leis an Tuairim Iniúchta

I gcomhlíonadh na feidhme atá agam mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadhar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (RA agus Éire) a d'eisigh Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áirítear mar chuid den iniúchadh, ar bhonn trialach, scrúdú tástála ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus nithe a nochtar sna ráitis airgeadais agus rialtacht na n-idirbhearta airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear mar chuid de freisin, measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta i leith chúinsí na hInstitiúide, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go leanúnach agus á nochtadh mar is ceart.

Phleanáil agus rinne mé an iniúchóireacht chun a theacht ar an eolas agus ar na mínithe ar fad amheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dom a thabharfadh deimhniúréasúnta go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíthuairisc dá mbeadh sin déanta trí chalaois nó trímhírialtacht nó earráid eile. Chun teacht ar mo thuairim, mheas mé fiúntas an eolais a tugadh tríd is tríd sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Coitianta in Éirinn, ar an riocht ina bhfuil cúrsaí nahInstitiúide ar 31ú Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus a chaiteachasi rith na bliana dar críoch ar an dáta sin.

Dar liom, choimeád an Institiúid leabhair chuntais mar ba chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Purcell
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Nollaig 2006.

Sliochtanna ón Tuarascáil Airgeadais:

Cuntas Ioncaim Chomhdhlúite & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005.

	NÓTA	2005 Euro '000	2004 Euro '000
Ioncam			
Deontas Stáit	1	18,789	18,019
Scaoileadh ón gCuntas Caipitil	18	3,247	2,602
Táillí Teagaisc	2	6,107	5,264
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	3	2,841	2,574
Ioncam ó Ús	-	172	4
Comhairleacht Taighde & Forbairt	4	3,594	1,658
Ioncam Eile	5	**4,039**	**4,404**
		38,789	**34,525**
Caiteachas			
Ranna Acadúla	6	21,416	18,943
Seirbhísí Acadúla	7	1,313	1,059
Áitreabh	8	2,253	2,146
Riarachán Lárnach & Seirbhísí	9	3,665	3,973
Costais Ghinearálta Oideachais	10	246	312
Saoráidí & Áiseanna Mac Léinn	11	1,783	1,236
Comhairleacht Taighde & Forbairt	4	3,853	1,647
Dímheas	15	3,263	2,31
Eile	12	1,907	2,206
	13	**39,699**	**33,973**
Barrachas/Easnamh Oibríochta		(910)	552
Aistriú go Cúlchiste Srianta	26	**(51)**	**(539)**
		(961)	13
(Easnamh) Carntha ag Tús Bliana		(369)	(382)
(Easnamh) Carntha ag Deireadh Bliana		**(1,330)**	**(369)**

Cuid de na ráitis airgeadais is ea Nótaí 1 - 34.

Extracts from Financial Report:

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail ar 31ú Lúnasa 2005

	NÓTA	2005 Euro '000	2004 Euro '000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	**78,993**	**71,403**
		78,993	71,403
Sócmhainní Reatha			
Stoc		34	39
Féichiúnaithe	16	2,031	3,842
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		**2,801**	**1,347**
Dliteanais Reatha		4,866	5,228
Creidiúnaithe - Méideanna a bheidh iníoctha laistigh de bhliain	17	**(5,393)**	**(4,547)**
Glansócmhainní Reatha		**(527)**	**681**
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		**78,466**	**72,084**
Glansócmhainní		78,466	72,084
I bhfoirm			
Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	18	78,989	71,368
Cuntas Forbartha	23	95	95
Cuntas Ioncaim & Caiteachais		**(1,330)**	**(369)**
Cúlchiste Srianta	26	712	990
		78,466	**72,084**

Cuid de na ráitis airgeadais is ea Nótaí 1 - 34.

DUNDALK
INSTITUTE
of
TECHNOLOGY
Institiúid
Teicneolaíochta
Dhún Dealgan